

# Fíor-Ghaeltacht nó Gaeltacht Fhíorúil?

*Meáin Shóisialta agus Forbairt na Gaeilge i  
Meiriceá Thuaidh*

Kevin Scannell  
Ollscoil Saint Louis  
28 Deireadh Fómhair 2011

# Gaeilge i Meiriceá Thuaidh

- Na mílte cainteoirí líofa anseo, ach...
- Táimid scartha óna chéile; níl mais chriticiúil lasmuigh de chúpla cathair mhór
- Táimid scartha ó fhoinse stairiúil na teanga; Éire, agus ón Ghaeltacht go háirithe
- I bhfad níos mó foghlaimoirí ná cainteoirí líofa nó cainteoirí dúchais anseo
- Daoine fásta den chuid is mó; is annamh (agus deacair!) clann a thógáil le Gaeilge

# Comhthéacs Domhanda

- Na mílte teangacha i mbaol báis, ar fud an domhain
- Pobail scaipthe ina n-áit dúchais, canúintí (Ojibwe anseo i gCeanada, Songhay i Mailí)
- Pobail scartha óna n-áit dúchais (teangacha Afracacha á labhairt i Meiriceá, san Eoraip, daoine bundúchasacha ina gcónaí i gcathair)
- Easpa meáin traidisiúnta (páipéir nuachta, teilifís), easpa suime ón earnáil ghnó

# Na Meáin Shóisialta

- Blagadóireacht, podchraoltóireacht
- Micreabhlagadóireacht (Twitter)
- Líonraí sóisialta (Facebook)
- Cluichí sóisialta (WoW, Second Life)
- Comhphobail ábhair (YouTube, Flickr)
- Tionscadail chomhoibrithe (Vicipéid)

# Buntáistí na Meán Sóisialta

- Pobail scaipthe a athcheangal
- Ceangal idir cainteoirí dúchais agus an diaspóra a neartú
- Is é an pobal féin atá freagrach as an ábhar
- Ní gá brath ar an earnáil ghnó nó na meáin traidisiúnta nach bhfuil suim acu sa teanga
- Is maith le daoine óga na meáin shóisialta (dúchasaigh digitigh)

# Twitter

- Is suíomh micreabhlagadóireachta é Twitter
- Scríobhann daoine teachtaireachtaí (“tweets”) ina bhfuil 140 carachtar ar a mhéad
- Déanaim tweets i nGaeilge ón chuntas @kscanne, 300+ duine do mo leanúint
- 13.6 milliún ag leanúint @justinbieber
- Saor in aisce, tweets a sheoladh ó ríomhaire nó ó fhón póca in aon áit, agus i gcomhthéacs mionteangacha, is féidir “cúpla focal” a úsáid

# Indigenous Tweets

- Suíomh Gréasáin ([indigenoustweets.com](http://indigenoustweets.com)); eolaire ar dhaoine a bhaineann úsáid as Twitter i dteanga mhionlaigh
- Lainseáil ar Lá Fhéile Pádraig le 35 teanga; borradh mór ó shin, 118 teanga anois
- Bunsmaoineamh: pobal teanga ar líne a neartú (nó a chruthú)
- Cloch mhíle cúpla seachtain ó shin; níos mó ná míle duine tweetáil i nGaeilge!

# Indigenous Blogs

- An smaoineamh céanna, ach eolaire ar bhlaganna scríofa i dteangacha mionlaigh
- <http://indigenoustweets.com/blogs/>
- 70 teanga faoi láthair, ag fás i gcónaí
- 115 blag sa Gaeilge; 2.2 milliún focal, gach sórt ábhair léitheoireachta
- Gnéithe sóisialta; nótaí tráchta, leantóirí, srl.
- Fotha RSS le haghaidh gach teanga



# Constaic amháin

- Ní fíor a rá nach bhfuil aon bhaint ag an earnáil ghnó le meáin shóisialta
- Comhlachtaí móra a chuireann na seirbhísí seo ar fáil: Twitter, Facebook, Blogger(Google)
- Níl aon bhac ar ábhar a chruthú i nGaeilge nó aon teanga eile
- Ach, níl aistriúcháin ar na suímh féin ar fáil i gcónaí, agus níl Facebook nó Google sásta “ligint dúinn” a suímh a aistriú faoi láthair!

# Réiteach ar an bhfadhb?

- Nílimse sásta fanacht le cead!
- Réiteach: An Béarla a fhorscríobh le do rogha teanga sa *bhrabhsálaí*, le píosa JavaScript
- Suiteáil le clic amháin
- An pobal féin a dhéanfaidh na haistriúcháin
- Seans nach mbeidh Facebook nó Google sásta leis seo, ach is cuma liom

# In ómós Neskíe Manuel

- 1981-2001
- Pobal Shuswap i mBritish Columbia
- Gníomhaíoch ar son a theanga dhúchais
- Craoltóir agus ríomhchláraitheoir



# Gaeltacht Fhíorúil?

- Tá pobal na Gaeilge ag dul ó neart go neart ar líne: ar Twitter, Facebook, blaganna, srl.
- Go pearsanta, caithim beagnach gach lá ar líne, agus formhór an ama trí mheán na G.
- Is fíordheacair a bheith sáite sa teanga sa tslí seo i St. Louis (nó i mBÁC, nó fiú Conamara!)
- Staidéar teangeolaíoch 2007 a thuar deireadh leis an nGaeilge mar teanga an phobail
- An é an Gréasán Gaeltacht na haoise nua?

# Cuireadh: Díospóireacht Ar Líne

- “Using Citizen Media Tools to Promote Under-Represented Languages”
- Óstáilte ag New Tactics in Human Rights  
<http://newtactics.org/>
- Eagraithe ag Indigenous Tweets agus Rising Voices
- 16-22 Samhain 2011
- Bígí linn!